Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Aighneacht ag freagairt don chomhairliúchán ar

Fhorbairt Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge

don Roinn Oideachais

Eanáir 2023

Clár

Réamhfhocal 4

An Próiseas Comhairliúcháin 5

Pointí suntais ón Tuarascáil *Léargas ar Sholáthar don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Soláthar Reatha agus Réamhmheastachán don Todhchaí* 5

Na Saincheisteanna 7

Soláthar scoileanna agus rochtain ar oideachas trí mheán na Gaeilge do mhuintir na hÉireann 7

An Próiseas Bunaithe Scoile 7

Ardú feasachta ar an gCóras Tumoideachais 8

Géarchéim na Luathbhlianta 8

Moltaí Gaeloideachas 9

Na Luathbhlianta 9

Na Bunscoileanna 10

Na hIarbhunscoileanna 10

Aistriú chuig an Meánscoil 11

Moltaí Gaeloideachas 11

Na hAonaid lán-Ghaeilge 12

Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge a threisiú agus bealaí le tacú leis 14

Soláthar Mhúinteoirí, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí 14

Dushláin sna Luathbhlianta maidir le soláthar a threisiú 15

Dushláin sna Bunscoileanna maidir le soláthar a threisiú 15

Dushláin sna hIarbhunscoileanna maidir le soláthar a threisiú 16

Moltaí Gaeloideachas maidir le soláthar a threisiú agus bealaí le tacú leis 16

An Polasaí Oideachas Gaeltachta mar chur chuige inmholta 16

Acmhainní teagaisc agus foghlama 16

Soláthar a threisiú sna Luathbhlianta 16

Soláthar a threisiú sna Bunscoileanna 17

Soláthar a threisiú sna hiar-bhunscoileanna 18

Riachtanais Speisialta Oideachais i suíomhanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge 19

Moltaí Gaeloideachas 19

Na Luathbhlianta 19

Bunscoileanna 20

Iar-bhunscoileanna 21

Comhionnanas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú san Oideachas lán-Ghaeilge 22

Moltaí Gaeloideachas 22

Gaeilge i Suíomhanna Oideachais agus sa Mhórphobal 24
Moltaí Gaeloideachas 24
Tuairimí / léargas breise ar fhorbairt an pholasaí 25
Ról Gaeloideachas 25
Aguisín: Aiseolas ón gComhairliúchán Poiblí 26
Teacht le chéile na bpríomhoidí bunscoile ag Comhdháil an IPPN 26
Grúpa fócais na naíonraí 1 27
Grúpa Fócais an Iar-bhunleibhéil 28
Cruinniú don mhórphobal 30
Grúpa fócais na naíonraí 2 31

Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais, ag freagairt don chomhairliúchán atá ar bun ar fhorbairt pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge.

Mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta agus tacaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis a cuid sainchomhairle agus saineolais a chur in iúl ar an gceist chriticiúil seo agus tionchar dearfach a imirt ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Tá Gaeloideachas an-bhuíoch den Roinn Oideachas as forbairt an pholasaí seo a aithint mar thosaíocht ar chlár na Roinne. Imreoidh an polasaí tionchar díreach agus fairsing ar chaighdeán agus ar eispéireas an oideachais atá á fháil ag páistí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge agus tá deis ag an Roinn a bheith ceannródaíoch, mar a bhí i bhforbairt an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, i bhforbairt an oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá buntáiste mór ann go bhfuil an Polasaí Oideachas Gaeltachta ag staid a fheidhmithe agus gur féidir anailís a dhéanamh ar na tacaí a cuireadh ar fáil mar chuid de i bhfoirm acmhainní daonna, teagaisc agus foghlama, polasaithe / treoracha agus tacaíocht bhreise na cigireachta.

Tá dóchas ag pobal an oideachais lán-Ghaeilge, idir thuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí, taighdeoirí agus lucht tacaíochta go bhforbrófar polasaí a thugann cothrom na féinne san infreastruchtúr tacaíochta do na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge, le hais réamhscoileanna agus scoileanna Béarla; go ndéanfar fís na Roinne a shainiú i leith an oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht; go dtabharfar soiléireacht don phobal agus do gach dream atá bainteach go díreach nó go hindíreach leis an oideachas lán-Ghaeilge ar fhís, pholasaí agus bearta tacaíochta na Roinne agus mar thoradh air seo go mbeidh spreagadh ann dóibh atá ag obair sna naíonraí agus sna scoileanna, do na daltaí/scoláirí agus dá dtuismitheoirí.

Sainíonn an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010 – 2030 i leith an oideachais lán-Ghaeilge

> *Cuirfear oideachas lán-Ghaeilgear ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na h-iarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá* (Cuspóir 6)

Cé go bhfuil soláthar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ina phríomhthosaíocht den Straitéis seo, ní féidir a mhaíomh go bhfuil feidhm mar is ceart tugtha don chuspóir seo ó cuireadh tús le feidhmiú na Straitéise sa bhliain 2010. Níl oideachas lán-Ghaeilge á chur ar fáil do gach dalta scoile arb é mian a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí é. Le forbairt an pholasaí seo, is é an t-ionchas agus an mhian atá ag an bpobal ná go mbeidh meicníocht ann chun feidhm a thabhairt don chuspóir thuas luaite.

Cuimsíonn an aighneacht seo saintuiscint agus saineolas Gaeloideachas ar an earnáil seo le 50 bliain anuas. Anuas air sin, bailíodh tuairimí ár mbaill agus an phobail níos leithne agus tógadh san áireamh iad san aighneacht seo.

An Próiseas Comhairliúcháin

Léirigh Gaeloideachas a cuid imní leis an Roinn maidir leis an tréimhse ama agus gnéithe den phróiseas comhairliúcháin. D'iarr Gaeloideachas síneadh ar an spriocdháta do na ceistneoirí / aighneachtaí agus bhíomar an-bhuíoch den síneadh ama a tugadh don aighneacht.

I measc na n-ábhar imní a bhain leis an bpróiseas, braitheadh go raibh sé easnamhach nach raibh na mórphíosaí taighde agus tuarascálacha thíos ar fáil don phobal agus iad ag déanamh breithiúnais ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha na hearnála. Is iad sin:

1. Torthaí an taighde ar na hAonaid. Tá ceist na nAonad lárnach don chomhairliúchán seo, agus gan na torthaí sin ar fáil, ní raibh tuiscint chruinn ag an bpobal ar na saincheisteanna lena mbaineann;
2. Mapáil ar sholáthar agus tacaíochtaí do na naíonraí – tá an taighde seo idir lámha ag an Roinn Leanaí, go comhthreomhar agus leis an spriocdháta céanna don chomhairliúchán seo. Arís, gan na torthaí sin ar fáil, ní raibh tuiscint chruinn ag an bpobal ar na saincheisteanna lena mbaineann;
3. An tuarascáil chomhairliúcháin, atá le foilsiú go fóill maidir le sonraíochtaí na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste. Chruthaigh sé seo dúshlán don phobal agus iad go fóill sa dorchadas ar an gceist seo, agus
4. Tuairiscí Cigireachta na Roinne Oideachais maidir leis na naíonraí a bheith luaite leis an eolas cúlra. Is í an chigireacht oideachais-dhírithe a dhéanann an Roinn Oideachais sna naíonraí an t-aon measúnú a dhéantar ar fhorbairt teanga na bpáistí agus, dá réir, ar na cleachtais teanga atá ar bun sna naíonraí.

Pointí suntais ón Tuarascáil *Léargas ar Sholáthar don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Soláthar Reatha agus Réamhmheastachán don Todhchaí*

i. Ábhar imní is ea an réamhfhógra tríd agus tríd na tuarascála go mbeidh teorainn le bunú scoileanna lán-Ghaeilge sa todhchaí de bharr cúrsaí déimeagrafacha. Téann sé seo i gcoinne comhairliúchán oscailte ar fhorbairt pholasaí, a bhfuil ceist an tsoláthair agus bunú scoileanna lárnach dó.
ii. Níor cheart go mbeadh cúrsaí déimeagrafacha, atá inathraithe, ag stiúradh na roghanna agus na ndeiseanna don todhchaí le haghaidh polasaí Stáit. Is féidir go dtiocfaidh athrú beag nó mór ar fhortheileagan déimeagrafach ach tá riosca an-mhór ann go mbeidh polasaí an Stáit ag tacú le teorannú ar sholáthar úr, beag beann ar cheisteanna déimeagrafacha.
iii. Dar leis an tuarascáil: *déantar iarracht éileamh réamh-mheasta ar an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht amach anseo a léiriú* (lch.8) ach níl aon fhianaise gur tugadh faoin anailís sin nó plé le scoileanna nó an pobal ina leith. Is léir nach ndearnadh anailís réamhmheasta ar éileamh agus ar sholáthar mar a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge ach ar éileamh agus soláthar mar a bhaineann le hoideachas go ginearálta.
iv. Níor bailíodh staitisticí ó na scoileanna chun measúnú a dhéanamh ar ró-éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal.
v. Tá tagairt ann do scéim phíolótach faoin múnla satailíte ag an iar-bhunleibhéal agus tuar dóchais ina leith luaite. Ní féidir aon réamhbhreithiúnas a thabhairt i bhfianaise nach bhfuil tús curtha le feidhmiú an mhúnla, agus tógfaidh sé blianta lena tionchar agus éifeacht a mheas.
vi. Tá ceist na nAonad lárnach don chomhairliúchán seo, agus gan na torthaí taighde ar fáil, ní raibh tuiscint chruinn ag an bpobal ar na saincheisteanna lena mbaineann.

vii. Tá léargas an-teoranta tugtha ar earnáil na luathbhlianta Ghaeilge sa tuarascáil. Ní ann do na torthaí ón obair mhapála atá ar bun ar sholáthar agus tacaíochtaí do na naíonraí. Gan na torthaí sin ar fáil, ní raibh tuiscint chruinn ag an bpobal ar na saincheisteanna lena mbaineann.

viii. Tá earnáil na luathbhlianta á meas ó pheirspeictíocht scoile – sé sin cén chaoi leis an bpróiseas aistrithe agus an leanúnachas a éascú ón naíonra isteach sa bhunscoil seachas cén chaoi iad a fhorbairt mar aonáin luath-thumoideachais agus cúram leanaí iontu féin.

Na Saincheisteanna

Soláthar scoileanna agus rochtain ar oideachas trí mheán na Gaeilge do mhuintir na hÉireann

Ní hé roghnú an oideachais lán-Ghaeilge an príomhdhúshlán san earnáil ach deis a bheith ag tuismitheoirí naíonra nó scoil lán-Ghaeilge a roghnú.

Faoi mar a sheasann sé, **níl deis ag páistí uile na tíre seo ar mian leo/lena gcuid tuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge freastal ar naíonra nó scoil lán-Ghaeilge**.

Tabharfar spreagadh níos mó do thuismitheoirí oideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú má tá sé ar fáil ina gceantar áitiúil. Ní mór cur chuige straitéiseach a bheith ann maidir le soláthar an oideachais lán-Ghaeilge ag na trí leibhéal ar fad, ionas **nach mbeidh aon pháiste faoi mhíbhuntáiste tíreolaíoch maidir le teacht ar naíonra nó áit scoile ag an dá leibhéal.**

Spreagfar tuismitheoirí oideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú má bhíonn deis ag a bpáiste dul chun cinn a dhéanamh agus leanúint lena gcuid oideachais trí Ghaeilge, ó naíonra go bunscoil go hiar-bhunscoil.

Ní áirítear sna doiciméid chomhairliúcháin atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais aon mheasúnú ar an éileamh atá ar an oideachas lán-Ghaeilge go sonrach, ina ionad sin dírítear ar dhéimeagrafach amháin. Níl aon mheasúnú sna doiciméid ach oiread ar chumas an tsoláthair reatha freastal ar éileamh.

An Próiseas Bunaithe Scoile

Tá sé easnamhach nach bhfuil bunú naíonraí san áireamh sa phlé maidir le soláthar agus rochtain ar oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá gá le scéim a thacaíonn le naíonraí a bhunú agus a bhuanú agus a chinntíonn go mbeidh rogha lán-Ghaeilge áitiúil ar fáil do gach páiste.

Cuireadh fáilte mhór roimh an leasú a tháinig ar an bpróiseas bunaithe bunscoile sa bhliain 2019, leasú a d'fhág go raibh níos mó deiseanna á gcur ar fáil chun soláthar an Ghaeloideachais ag an mbunleibhéal a mhéadú trí scoileanna nua agus trí bhunscoileanna lán-Ghaeilge atá ann cheana féin a leathnú. Tharla an leasú seo de bharr imscrúdú agus dúshlán dlíthiúil a leagadh roimh an Roinn maidir lena dualgas i leith na teanga.

Níor tharla leasú comhchosúil ag an iar-bhunleibhéal agus go deimhin, bhí ar choiste tuismitheoirí i gceantar BÁC 2,4,6,8 dul i muiníne imscrúduithe arís le réiteach a lorg ar an dúshlán. **Ní féidir a rá go bhfeiceann an Roinn Oideachais soláthar iar-bhunoideachais trí mheán na Gaeilge ina thosaíocht**. Go deimhin, is féidir a rá go bhfuil leithcheal á dhéanamh ar na céadta páiste (agus suas go 1,000 laistigh d'achar gearr) nach mbeidh an deis acu oideachas ag an iar-bhunleibhéal a fháil ina gceantar cónaithe trí mheán na Gaeilge, áit a bhfuil 44 iar-bhunscoil mheán-Bhéarla ann cheana. Dhiúltaigh an pobal sa cheantar seo do thairiscint ar aonad lán-Ghaeilge mar chuid de scoil Bhéarla de bharr leibhéal na tuisceana a bhí acu faoi fheidhmiú agus inmharthanacht na nAonad. Ní dhéanann an Roinn Oideachais in aon phróiseas bunaithe scoile comhphlé leis an bopobal maidir leis an Aonad lán-Ghaeilge mar mhúnla. Ina áit, socraíonn an Roinn gur múnla inghlactha é, ina ainneoin gan pholasaí nó soiléiriú sa Roinn faoi céard is Aonad ann. Ní cur chuige daonlathach é sin.

Tá an córas reatha ag déanamh leithcheala ar dhaltaí ar mian leo aistriú go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ní oibríonn córas iomaíoch idir thuismitheoirí ar mian leo oideachas trí mheán na Gaeilge agus tuismitheoirí ar mian leo oideachas trí mheán an Bhéarla. Is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge, agus dá réir ní féidir í a chur in iomaíocht le mórtheanga labhartha an domhain. Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na tíre seo, ní cheart go mbeadh troid, feachtasaíocht agus dua ollmhór i gceist do thuismitheoirí áit a fháil dá bpáistí i scoil lán-Ghaeilge.

Ní dhéanfaidh próiseas atá bunaithe ar fhás daonra amháin freastal ar riachtanais forbartha an oideachais lán-Ghaeilge. Tá gá le próiseas ar leith a bheith aitheanta chun scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú de réir éileamh agus lasmuigh de chóras reatha na Roinne.

Má táthar le cur go suntasach le líon na bpáistí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, bheifí ag brath ní amháin ar leasú ar an bpróiseas bunaithe scoile agus polasaí na Roinne i leith bhunú scoileanna lán-Ghaeilge, **ach ba ghá anailís a dhéanamh ar chumas agus ar thoilteanas na bpobal i céatadán suntasach de scoileanna Béarla an sainmheon teanga a athrú go Gaeilge, le feidhmiú go hoifigiúil mar ghaelscoil.** Níl áfach aon treoir mhionsonraithe i bhfeidhm faoi láthair do scoileanna atá ag aistriú ó mheán an Bhéarla go meán na Gaeilge. In ainneoin nach bhfuil aon treoir ann ón Roinn, tá Gaeloideachas ag obair le scoileanna chun an próiseas seo a éascú le blianta, próiseas a bhí rathúil i gcás na scoileanna a rabhamar ag tacú leo. **Tá deis órgánach ann tríd an bpolasaí nua seo anailís a dhéanamh ar cén chaoi tabhairt faoin gceist go héifeachtach agus go huilechuimsitheach**. Aithnítear gur próiseas fadthréimseach é a éilíonn cur chuige céimiúil agus a bhfuil an-chuid athróga ag baint leis. Beidh Gaeloideachas lán-sásta obair i gcomhar leis an Roinn ar na próisis seo agus a saintaithí ar an gceist a chur ar fáil.

Ardú feasachta ar an gCóras Tumoideachais

Tá dualgas ar an Stát, ar an Roinn Leanaí agus ar an Roinn Oideachais ach go háirithe an Ghaeilge a chur chun cinn agus an córas oideachais lán-Ghaeilge a fhorbairt agus a neartú. Bíonn Gaeloideachas i mbun fheachtais leanúnacha chun feasacht a ardú ar bhuntáistí an tumoideachais lán-Ghaeilge agus rogha an oideachais lán-Ghaeilge a normalú, cuma cén cúlra teanga, cultúr nó leibhéal cumais atá ag an bpáiste. **Tá géarghá, áfach, le breis tacaíochta ón Stát chuige ionas gur féidir le Gaeloideachas a gclár feasachta a leathnú agus díriú ar phobal níos leithne arís.**

Géarchéim na Luathbhlianta

Tá éileamh ard ar ghaelscoileanna, ach **is gá tacú le hearnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge, atá ag staid ghéarchéime, le cinntiú go mbeidh naíonraí ann le freastal ar an éileamh.**

I suirbhé ar naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht a rinne Gaeloideachas sa bhliain 2022 thug níos mó ná 50% de na freagróirí le fios go raibh a seirbhís iomlán (25%) nó go raibh liosta feithimh acu (27.5%). Tá an t-éileamh ann cheana féin, ní mór an acmhainn a thógáil chun freastal air.

Ní féidir le naíonraí maireachtáil ar an maoiniú atá ar fáil dóibh i láthair na huaire. Dúnfar níos mó díobh agus/nó beidh ísliú sa chaighdeán a bheidh ar fáil sna naíonraí a fhanann ar oscailt. Faoi mar a sheasann sé, **ní féidir a rá go bhfeiceann an Roinn Oideachais ná an Roinn Leasaí naíonraí mar thúschéim riachtanach sa chontanam luath-thumoideachais**. De réir fhigiúir Gaeloideachas, dhún 17 naíonra ón bhliain 2016.

Tá an tAcht Oideachas (Ligeann Isteach i Scoileanna) ina bhac ar chúrsaí rochtaine, mar atá soiléir ón dá shaincheist thíos a eascraíonn as leasú ar an Acht sa bhliain 2018 agus a théann i gcoinne na sprice tacú go gníomhach le leanúnchas ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge agus le páistí a mhealladh chun an chórais. Baineann le leasuithe seo le scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu agus a leagan amach critéir ionrollaithe.

A. Cuireadh leasú i bhfeidhm san Acht a chuir bac ar pháistí ó réamhscoil ar bith, naíonra ina measc a bheith liostáilte sna critéir tosaíochta sa chás go mbíonn róshuibscríobh ar an scoil. Fágann sé seo nach bhfuil aon chinnteacht nó dóchas ag tuismitheoirí gur féidir leis an bpáiste beag leanúint ar aghaidh sa chóras lán-Ghaeilge i ndiaidh tréimhse sa naíonra. Leasú tubaisteach don teanga, do na gaelscoileanna agus do thuismitheoirí a bhí anseo. Níor tógadh tábhacht an leanúnachais sa tumoideachas san áireamh sa cheist, in ainneoin na tréanstocaireachta a rinne Gaeloideachas ar an gceist. Is deacair bheith ag freagairt na ceiste faoi thábhacht an leanúnachais nuair atá gníomh shoiléir glactha ag an Roinn a chuireann srian agus constaic roimh an leanúnachas.

B. I gcás scoileanna ar mian leo tús áite a thabhairt do pháistí as teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga nó ceann de phríomhtheangacha labhartha an bhaile, forálann an tAcht gur gá cloí leis an bhfoclaíocht seo:

Páistí a bhfuil leibhéal líofachta bainte amach acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide I suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois n pháiste agus aon riachtanais bhreise oideachais san áireamh, agus gur dhócha go rachadh líofacht an pháiste ar gcúl mura bhfaighidís áit sa scoil lán-Ghaeilge.

Tá dúshlán suntasach ag scoileanna leis an bhfoclaíocht, leis an tuiscint ar féidir a bhaint as agus conas é a fheidhmiú. Tá an foráil casta agus faoi réir thuiscintí éagsúla / contrártha agus an toradh atá air cheana i roinnt scoileanna ná go bhfuil páistí le Gaeilge sa bhaile mar phríomhtheanga, nó ceann dóibh ag cailliúint áiteanna scoile. Críochnóidh sé seo suas in an-chuid cásanna dlí á dtógáil, rud nach bhfuil chun leasa na Roinne, na scoileanna, na bpáistí ná na teanga.

Moltaí Gaeloideachas

Na Luathbhlianta

i. Ní mór don Roinn dul i gcomhairle le Gaeloideachas agus leis na páirtithe eile (An Foras Pátrúnachta agus COGG) chun tuiscint chruinn a fháil ar a bhfuil ag tarlú ag leibhéal na talún agus **athbhreithniú a chur sa tsiúl ar an bpíosa reachtaíochta a bhaineann le hiontráil scoileanna.** Ní mór **meicníocht a chur ann a cheadaíonn agus a thacaíonn leis an leanúnchas ón naíonra isteach sa bhunscoil agus a thacaíonn go gníomhach le tús áite a bheith ag páistí atá á dtógáil le Gaeilge.** Tá sé tábhachtach go mbeadh an caidreamh seo tairbheach do na naíonraí agus na scoileanna, araon, agus go mbeadh sé feiceálach agus insroichte do thuismitheoirí agus chúramóirí.

ii. Cothaíonn taithí an naíonra muinín agus sealbhú teanga na bpáistí agus a dtuismitheoirí, agus **ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste dul i ngleic leis an nGaeilge i dtimpeallacht thacúil an tumoideachais.**

iii. Ní mór pleanáil do sheirbhísí tacaíochta, ar nós cúram leanaí, áiseanna spóirt, srl. lena chinntiú go bhfuil **an t-infrastruchtúr timpeall ar sheirbhísí luath-oideachais trí mheán na Gaeilge ar chomhchaighdeán** leis an gceann do sheirbhísí Béarla agus nach bhfeictear go bhfuil comhghéilleadh i gceist le hoideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú.

iv. Ní mór don Stát tacaíochtaí cuí a chur ar fáil dóibh siúd atá ag rith seirbhísí naíonra chun go mbeidh na seirbhísí sin inbhuanaithe.

Na Bunscoileanna

i. Tá éileamh mór ann, ach is gá cinntiú go mbeidh scoileanna ann le freastal air, **le go mbeidh rogha áitiúil lán-Ghaeilge ar fáil a bhfuil ar chomhchaighdeán leis an soláthar meán-Bhéarla.**

ii. Is gá rochtain cheart ar scoileanna lán-Ghaeilge a chinntiú trí **chóras bunaithe scoile a thacaíonn le hoideachas lán-Ghaeilge agus nach bhfuil bunaithe ar riachtanas déimeagrafach** amháin.

iii. Is gá an ró-éileamh sna scoileanna reatha a mheas go tráthrialta agus bearta a ghlacadh le cur leis an soláthar de réir mar is cuí.

iv. Ba cheart deiseanna cearta bheith ag daltaí **i gceantair tuaithe leanúint lena gcuid oideachais i nGaeilge.**

v. Tá gá le **feachtas náisiúnta bolscaireachta** (trí bhreis mhaoiniú do Gaeloideachas) maidir le buntáistí, fiúntas agus cumas an chórais freastal ar pháistí ó gach cineál cúlra, le normalú a dhéanamh ar an oideachas lán-Ghaeilge mar rogha.

vi. Tá gá le **hinfreastruchtúr ceart a bheith ag/timpeall ar na scoileanna** chun daltaí a mhealladh (acmhainní spóirt, deiseanna iarscoile, seach-churaclam srl).

vii. Ní mór an soláthar lán-Ghaeilge a bheith ar chomhchaighdeán leis an soláthar meán-Bhéarla ar bhonn náisiúnta. Ní cheart go mbeadh comhghéilleadh i gceist le hoideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú.

Na hIarbhunscoileanna

i. **Ní ann don soláthar le go mbeidh an rogha ag daltaí ar fáil.** Is gá gníomhú air seo ar bhonn práinne.

ii. Is gá **scoileanna neamhspleácha a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge** ag an iar-bhunleibhéal chun go dtabharfar deis chothrom do gach dalta sa tír seo a roghnaíonn an t-oideachas lán-Ghaeilge **eispéireas iomlán tumoideachais** a bheith acu agus na buntáistí a théann leis **i scoil neamhspleách lán-Ghaeilge. Ní dhéanfaidh aonad freastal ar an riachtanas seo.**

Aistriú chuig an Meánscoil

Ní ann don soláthar iar-bhunscoile a thugann an rogha agus an deis do sciar shuntasach do dhaltaí bunscoile leanúint lena gcuid oideachais i scoil lán-Ghaeilge.

Is ábhar díomá é nach bhfuil aon fhócas sa suirbhé comhairliúcháin ar dhul chun cinn agus **leanúnachas a spreagadh ó na luathbhlianta go bunscoil go leibhéal na hiar-bhunscoile**. Is iad na naíonraí bunchloch chóras an tumoideachais lán-Ghaeilge agus ba cheart go n-aithneodh an Stát iad go follasach. Tá sé léirithe i dtaighde Ní Thuairisg agus Uí Dhuibhir ar an leanúnachas[1], agus i dtaighde idirnáisiúnta ar an ábhar céanna, go bhféadfadh ráta íseal sa leanúnachas tionchar díobhálach a bheith aige ar chultúr an tumoideachais i gcoitinne (lch 8).

Tá gá le forbairt feasachta i measc lucht déanta beartais, oideoirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar bhuntáistí an leanúnachais sa chóras tumoideachais. I bhfianaise thorthaí an taighde thuas, moltar dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais maidir leis an tábhacht atá le soláthar na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann a mhéadú agus **straitéis fhadtréimhseach chéimniúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt don bhearna reatha.**

As sampla iomlán an taighde seo, níl fáil ag 40% de bhunscoileanna lán-Ghaeilge Phoblacht na hÉireann, lasmuigh den Ghaeltacht, ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá 27.2% de thuismitheoirí a bhfuil spéis agus tiomantas don oideachas lán-Ghaeilge léirithe acu nach bhfuil an chéad chéim eile ar chonair an leanúnachais ar fáil dá bpáistí. D'uireasa na céime seo **is sealbhú neamhiomlán den Ghaeilge atá i ndán do na páistí** sin. [lch. 8].

Moltaí Gaeloideachas

i. Is gá don Stát bheith **straitéiseach agus ceannródaíoch** agus iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil áit a bhfuil éileamh air.
ii. Is gá a chinntiú go bhfuil **rogha áitiúil naíonra, bunscoile agus iar-bhunscoile** lán-Ghaeilge ar fáil.
iii. I gcás na n-iarbhunscoileanna, is **scoil neamhspleách atá de dhíth le hinfreastruchtúr ceart** chun daltaí a mhealladh (áiseanna spóirt, deiseanna iar-scoile, seach-churaclaim, srl).
iv. Tá ga le córas nua bunaithe scoile ag an iar-bhunleibhéal a dhéanann freastal ar riachtanais an phobail ar mian leo tumoideachas dá bpáistí.
v. **Ba cheart deireadh a chur le húsáid an téarma 'Sruth' mar chur síos ar sholáthar lán-Ghaeilge sa chóras.** Níor cheart é a bheith luaite mar mhúnla inghlactha sa chóras lán-Ghaeilge.
vi. Molann Gaeloideachas nach mbunófaí sruthanna nó aonaid ar an mbonn nach gcuireann siad eispéireas tumoideachais ar fáil ar bhealach atá inghlactha mar sholáthar oideachais lánGhaeilge.
vii. Tá an cur chuige CLIL / FCÁT inmholta mar chur chuige ach ní hionann é agus eispéireas tumoideachais i suíomh lán-Ghaeilge agus ní mór dúinn a bheith an-soiléir faoina bhfuil á thairiscint mar roghanna soláthair don tumoideachas.
viii. Is fiú múnla na scoile satailíte a scrúdú mar choincheap, taighde a choimisiúnú ina leith agus tástáil agus athbhreithniú déanta ar an scéim phíolótach. Ní bheidh ann do na torthaí sin go ceann roinnt blianta, áfach, agus mar sin, ní mór a bheith coimeádach faoi bheith á lua mar cheann de na réitigh ar ghéarchéim an tsoláthair ag an iar-bhunleibhéal.

[1] An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, Tuairisc Taighde ar son Gaelscoileanna Teoranta, Meán Fómhair 2016

ix. Ní mór **polasaí agus cosán aitheantais soiléir a bheith ann do na haonaid lán-Ghaeilge reatha** ar mian leo aitheantas mar scoileanna neamhspleácha a bhaint amach. D'fhorbair Gaeloideachas moladh ina leith, agus d'aontaigh na haonaid reatha leis. Cuireadh faoi bhráid na Roinne é ach níor eascair aon ghníomh as.

Na hAonaid lán-Ghaeilge

Níor cheart ach scoileanna neamhspleácha amháin a bhunú le haghaidh soláthair nua don oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Níl múnla an aonaid feiliúnach nó inmharthana. Is iomaí achainí atá déanta ag Gaeloideachas thar na blianta maidir leis an múnla soláthair seo. Leagtar amach achoimre de thíos.

Níl múnla an Aonaid ag déanamh freastal cuí ar riachtanais an dalta:

- Ní féidir le daltaí nó a dtuismitheoirí bheith muiníneach go gcuirfí tumoideachas ar fáil in Aonad, agus go mbeidh leanúnachas ann go leibhéal na hArdteiste trí mheán na Gaeilge.
- Ní dhéantar aon sainmhíniú nó cigireacht ar cad is Aonad ann i dtéarmaí raon agus caighdeán an tsoláthair.
- Ní leagtar síos aon bhun-chaighdeán d'Aonaid maidir le dearbhú cáilíochta agus cur i bhfeidhm an tumoideachas, cuspóirí teangan agus torthaí oideachais.
- Is féidir go gcuirfear ar daltaí tabhairt faoi ábhair trí mheán an Bhéarla in éadan a dtola mura ndéanfar bainistíocht cuí ar acmhainní múinteoireachta na scoile.

Níl rialachas cuí i bhfeidhm le go mbeidh múnla an Aonaid inmharthana:

- Tá réiteach sealadach an Aonaid mar mhúnla soláthair don oideachas lán-Ghaeilge ag iompú ina lagú buan den soláthar. Teipeann ar Aonaid go minic, agus tá droch-cháil ar an múnla (agus ar an ngaeloideachas, fiú) dá réir. Ó 1999, dúnadh aonaid sna ceantair seo a leanas: Áth Luain, Dún Gharbhán, An tAonach, Durlas, Mala (oscailte arís, ach fós gan aitheantas), Mainistir Fhear Maí, Cóbh.
- Níl meicníocht no tacaíochtaí aitheanta ann le hAonad a iompú ina scoil neamhspleách.
- Gan leithdháileadh múinteoirachta dá gcuid féin ag na hAonaid, tá siad spléach ar acmhainní foirne agus próisis earcaíochta na mátharscoileanna, a bhíonn dírithe ar mórphobal Béarla na scoile.
- Ní bhíonn boird bhainistíochta dá gcuid féin ag na hAonaid.
- Bíonn coimhlint idir riachtanais na nAonad agus riachtanais na mátharscoileanna, agus, go minic, cinntí á dhéanamh ag leibhéal bainistíochta gan tionchar ar an Aonad a mheas.
- Ní dhéantar aon mheasúnú riosca agus Aonaid nua á mbunú i dtaobh iarmhairtí neamhbheartaithe a bhfeadfadh bheith ann d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge atá cheana féin ag tarraingt ar an scoilcheantar céanna.

Níl tacaíocht cuí ann do mhúinteoirí in Aonaid:

- Bíonn foireann in Aonaid gan aitheantas ag feidhmiú ar bhonn deonach i bpoist freagrachta, gan tacaíochtaí cuí agus i bhfolús eolais ar an gcleachtas is inmholta mar a bhaineann leis an tumoideachas.
- Tá na tacaíochtaí sa bhreis ón SSM ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge amháin (toisc sonraíochtaí T1 agus T2 a bheith ar bun acu) ach gan aitheantas do mhúinteoirí ábhair atá ag múineadh trí Bhéarla sa mhátharscoil agus trí Ghaeilge san Aonad.
- Níl slat tomhais ann le caighdeán an tsoláthair sna hAonaid a mheas go cothrom.

Molann Gaeloideachas go mbreathnófar ar tacú leis na hAonaid reatha le tumoideachas a chur i bhfeidhm go leibhéal na hArdteiste agus stádas a bhaint amach mar scoileanna neamhspleácha mar bhealach céimiúil leis an soláthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile a mhéadú. Do sholáthar úr, molann Gaeloideachas go láidir nach mbunófaí aonaid.

Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge a threisiú agus bealaí le tacú leis

Soláthar Mhúinteoirí, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí

Agus aghaidh á tabhairt ar cheist an tsoláthair ó thaobh líon agus caighdeán Gaeilge mhúinteoirí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal atá oilte don chóras, d'aithin an Rialtas an gá a bhain le réiteach sistéimeach ar cheist an tsoláthair mhúinteoirí.

> *Chun cuidiú tuilleadh le Cuspóir 5 agus Cuspóir 6 de Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006 a bhaint amach,* ***bunófar Ionad Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge*** *in institiúid oideachais atá ann cheana féin. Is ionad barr feabhais a bheidh ann a thabharfaidh cúnamh agus comhairle do na Coláistí Oideachais agus iad ag ullmhú múinteoirí don timthriall iomlán sna scoileanna ina ndéanfar an teagasc trí mheán na Gaeilge trí chomhchomhairle, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, cláir oiliúna chreidiúnaithe agus forbairt acmhainní. Oibreoidh an tIonad Náisiúnta i gcomhar leis na Coláistí Oideachais agus spreagfar soghluaiseacht na bhfoirne gairmiúla idir na córais agus na soláthróirí oideachais ar fad agus an tIonad Náisiúnta. Beidh cáilíocht ghairmiúil ar fáil do na múinteoirí bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad le tacú leo le teagasc a dhéanamh i scoileanna a dhéanann teagasc trí mheán na Gaeilge*
>
> *(An Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, Lch. 14).*

Níor bunaíodh an t-Ionad Náisiúnta a bhí geallta. D'fhág sé seo nach raibh agus **nach bhfuil aon chomhordú náisiúnta ar bun ar shaincheist an tsoláthair mhúinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge**. Tá Riachtanais Iontrála do Chursaí Oideachais mar mhúinteoir Bunscoile 2022 leagtha amach ag an Roinn. Anuas air sin sonraíonn " Céim: Standards for Initial Teacher Education" de chuid An Chomhairle Mhúinteoireachta tábhacht na Gaeilge sna cúrsaí bunmhúinteoireachta sa Stáit. Níl aon aonán Stáit ag aithint agus ag cinntiú na caighdeáin chuí trí chóras oiliúna creidiúnaithe sna coláistí oiliúint tosaigh mhúinteoirí, ná na caighdeáin fágála ná an riachtanais a bhaineann le forbairt ghairmiúil chuí mar a bhaineann leis an gcóras tumoideachais. **Moltar go ndéafaí comhordú ar na soláthreoirí oideachais tosaigh uile chun an dea chleachtas a aithint agus a bhuanú trasna na h-earnála san agus ábhair múintéoirí á n-ullmhú don ghairm.**

Ní ann don cháilíocht bhreise tharraingteach a gealladh sa Straitéis 20 Bliain do dhaoine ar mian leo oibriú i scoileanna a dhéanann teagasc trí Ghaeilge agus a d'fheidhmeodh mar threoir úsáideach a d'fhostóirí go bhfuil an inniúlacht riachtanach teanga ag iarrthóirí.

D'fháiltigh an earnáil go mór roimh na cláir acadúla nua a forbraíodh chun freastal ar an riachtanas a bhaineann le hoiliúint tosaigh mhúinteoirí don chóras tumoideachais agus cáilíochtaí iarchéime. Ní thiocfaidh sé seo gar, áfach, do réiteach a aimsiú ar an ngéarchéim náisiúnta atá ann. Tá géarghá le soláthar níos forleithne go tíreolaíoch.

Ar cheist na forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí, ní dhearnadh an infheistíocht mar a gealladh agus mar a bhí riachtanach le tacú le múinteoirí sa chóras tumoideachais. I bhfocail na Stráitéise:

> *Cuirfear leis na deiseanna forbartha gairmiúla atá aitheanta thuas trí bhíthin infheistíocht atá méadaithe go suntasach a chur isteach i roghanna forbartha gairmiúla ar líne agus gearrthréimhseacha le haghaidh múinteoirí atá ag obair agus cuirfear iad ar fáil trí na seirbhísí tacaíochta curaclaim agus trí ghréasán an Ionaid Oideachais ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile.*

Níl cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach ann do mhúinteoirí ag aon cheann de na leibhéil – naíonraí, bunscoileanna ná iar-bhunscoileanna – atá ar chomh-leibhéal leis na cláir atá dírithe ar scoileanna meán-Bhéarla. Mura ndéantar clár a fhorbairt agus a thairiscint atá in oiriúint do chomhthéacs an tumoideachais a sholáthar go comhuaineach le clár na scoileanna meán-Bhéarla, **níl an córas ag cabhrú le múinteoirí a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí forbartha atá ann dóibh ná faoi na dea-chleachtais, modhanna, agus straitéisí nuálacha taighdebhunaithe atá suas chun dáta maidir leis an tumoideachas, sealbhú agus saibhriú teanga, mar aon le foghlaim chomtháithe ábhar agus teanga.**

Dushláin sna Luathbhlianta maidir le soláthar a threisiú

i. Tá géarchéim earcaíochta agus coinneála sna naíonraí mar gheall ar **easpa idirghabhála Stáit chun tacú le múinteoirí naíonra**, chun a bpá agus coinníollacha a fheabhsú agus chun iad a spreagadh chun fanacht sa ghairm. Tá naíonraí ag dúnadh dá bharr.

ii. **Ní féidir le múinteoirí naíonra tabhairt faoi oiliúint tosaigh nó an chuid is mó den fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do na luathbhlianta ina dteanga oibre.**

iii. **Ní thugtar aitheantas cuí don obair bhreise** a dhéanann múinteoirí i suíomhanna tumoideachais mar chúiteamh ar an easpa acmhainní atá ar fáil dóibh ina dteanga oibre, agus ar an am breise a chaitheann siad ag oiriúnú acmhainní le húsáid i suíomh tumoideachais.

iv. **Níl aon pholasaí ná treoirlínte soiléire ann maidir le cur i bhfeidhm agus cigireacht ar an tumoideachas** i suíomh luathbhlianta.

v. Níl aon bheartais ná idirghabhálacha Stát-mhaoinithe a dhíríonn go sonrach ar inmharthanacht na naíonraí a chinntiú agus iad a chosaint mar bhunchloch an chóras oideachais lán-Ghaeilge agus an chéad blaiseadh den teanga a fhaigheann na mílte páiste gach bliain.

Dushláin sna Bunscoileanna maidir le soláthar a threisiú

i. **Tá géarchéim sholáthair, earcaíochta agus coinneála i measc mhúinteoirí go náisiúnta de bharr easpa straitéisí an Stáit múinteoirí a spreagadh isteach / le fanacht sa ghairm nó sa tír.**

ii. **Tá dúshlán i bhfad níos mó san earnáil lán-Ghaeilge, áit a bhfuil inniúlacht sa teanga de dhíth agus toilteanas ón múinteoir múineadh i suíomh tumoideachais**. Tá easpa áiteanna ar fáil sna coláistí oiliúna a ullmhaíonn múinteoirí don suíomh tumoideachais. **Níl soláthar Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí leordhóthanach ann ó thaobh líon agus lonnaíochta na gclár go náisiúnta.**

iii. **Níl múinteoirí ag fáil aitheantais ar chor ar bith don obair bhreise sa suíomh tumoideachais.** Cuireadh deireadh leis an liúntas do theagasc i suíomh lán-Ghaeilge, rud a d'imir drochthionchar ar rogha an mhúinteora maidir leis an gcóras agus an dua breise lena mbaineann.

iv. Tá an córas maireachtála ina bhac iomlán sna ceantair uirbeacha. Ní féidir le múinteoirí maireachtáil ar an tuarastal reatha.

v. **Níl forbairt ghairmiúil leanúnach in oiriúint don chomhthéacs ar fáil go comhuaineach le scoileanna meán-Bhéarla.**

vi. **Níl polasaí ná treoir shoiléir ón gcigireacht ann maidir le feidhmiú an luath-thumoideachais**, agus is féidir go mbeadh cur chuige éagsúil ag gach scoil.

vii. Tá dúshlán ollmhór sna scoileanna an Ghaeilge a chur chun cinn mar **theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe.**

viii. Tá dúshlán ag tromlach na scoileanna cur chuige difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais éagsúla agus teanga na ndaltaí (Tuarascáil ilchodach na Cigireachta, Lch. 8).

Dushláin sna hIarbhunscoileanna maidir le soláthar a threisiú

Baineann na dúshláin soláthair, earcaíochta agus coinneála thuas luaite le múinteoirí ag an trí leibhéal ach **tá dúshlán sa bhreis ag an iar-bhunleibhéal, áit a bhfuil ganntanas mór ann do mhúinteoirí cáilithe sna hábhair chuí agus inniúil ar an tumoideachas.**

Tá doiléire leanúnach ann maidir le teagasc agus measúnú na Gaeilge mar ábhar ag an iar-bhunleibhéal - tá frustrachas leanúnach ar mhúinteoirí maidir le fís, cur chuige agus spriocanna. Tá gá le polasaí a fhorbairt ar theagasc na Gaeilge suas trí na leibhéil ar fad maidir le fís, cuspóirí agus cur chuige.

Moltaí Gaeloideachas maidir le soláthar a threisiú agus bealaí le tacú leis

An Polasaí Oideachas Gaeltachta mar chur chuige inmholta

Mar chuid d'fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta **aithníodh an riachtanais a bhain le forbairt caighdeán agus cumasú phobail** na scoileanna leis na caighdeáin a aithint agus a bhaint amach. I measc na dtacaí ba shuntasaí a d'éascaigh an próiseas, bhí

- Na critéir theanga bunaithe do bhunscoileanna Gaeltachta
- Na critéir theanga bhunaithe d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta
- Na táscairí dea-chleachtais
- Treoir maidir le húsáid na n-uaireanta tacaíochta don Ghaeilge
- Cuairteanna comhairleachta Cigireachta
- Forbairt Ghairmiúil leanúnach ó COGG, curtha in oiriúint do riachtanais na scoile faoi seach
- Uaireanta tacaíochta teanga do gach scoil
- Cúntóir teanga do gach scoil
- Tacaíocht ó ghréasán na nOifigeach Pleanáil Teanga i gcur chun cinn na Gaeilge sa phobal
- Treoirlínte maidir leis an aistriú idir an naíonra agus an bhunscoil Ghaeltachta.

Le go mbeidh rath ar fhorbairt agus feidhmiú an POLG, molann Gaeloideachas go gcuirfí na tacaí céanna ar fáil, rud a chinnteoidh comhtháthú agus comhleanúnachas i bhforbairt chóras tumoideachais in Éirinn a bhfuil caighdeáin agus cáilíocht ard ag baint léi. Tá sé den riachtanas go mbeadh tacaíocht, treoir agus comhairle curtha ar fáil do scoileanna mar a bhaineann sé le cuir chuige i leith ceisteanna tábhachtacha oideolaíocha ar nós an tumoideachais.

Molann Gaeloideachas go leagfaí síos na caighdeáin chéanna do na scoileanna lán-Ghaeilge agus a leagadh síos do na scoileanna Gaeltachta.

Acmhainní teagaisc agus foghlama

Tá obair den chéad scoth ar bun ag COGG i bhforbairt acmhainní, téacsleabhair agus ábhar digiteach do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, an t-ardán digiteach - an Tairseach, ina measc. **Tá sé den riachtanas go ndéanfaí breis infheistíochta agus maoiniú substaintiúil a chur ar fáil do COGG le go leanfaí agus go gcuirfí go suntasach leis an soláthar seo.** Soláthar a threisiú sna Luathbhlianta

i. Is gá soláthar sonrach a dhéanamh do na luathbhlianta trí mheán na Gaeilge trí phlean nua *Comhpháirtíocht chun leasa an Phobail* a chur i bhfeidhm agus maoiniú a chur ar fáil le go n-íocfar liúntas le foireann naíonra mar chuid de straitéis chun dul i ngleic leis an ngéarchéim earcaíochta san earnáil.

ii. Tá samhail nua maoinithe don earnáil leagtha amach i *Comhpháirtíocht chun leasa an Phobail*, **ach níl aon rud sonrach sa tsamhail nua maidir le maoiniú breise do na naíonraí**, áfach, cé go dtuigtear ón bhfianaise starógach gur féidir le costais sa bhreis bheith i gceist le seirbhís luathbhlianta a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Ba cheart go dtabharfar aitheantas don obair bhreise a dhéanann múinteoirí naíonra le hábhar a aistriú agus a oiriúnú don suíomh tumoideachais, go mbeadh cúiteamh ar fáil ar na costais mhéadaithe a bhíonn ar naíonraí le hacmhainní oiriúnaithe don naíonra a cheannach, agus go gcuirfear maoiniú ar fáil le go bhféadfaí liúntas a íoc le foireann an naíonra, rud a chabhródh le hearcú agus coinneáil foirne.

iii. Ba cheart tacaíochtaí ar leith a sholáthar do mhúinteoirí naíonra faoin bplean *Scileanna a Chothú*, lena n-áirítear **sparánachtaí agus infhaighteacht níos leithne ar oideachas agus ar chláir oiliúna trí mheán na Gaeilge chun inniúlacht níos fearr sa Ghaeilge a spreagadh.**

iv. Is gá maoiniú ECCE a mhéadú chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí inbhuanaithe agus gur féidir leo díriú ar cháilíocht. Is gá a chinntiú go bhfuil soláthar sonrach do shuíomhanna lán-Ghaeilge san áireamh in aon tionscadail atá maoinithe ag an Stát.

v. **Is gá táscairí dea-chleachtais a fhorbairt don tumoideachas i gcomhthéacs na luathbhlianta agus plean tacaíochta dó**. Is gá scéim aitheantais mar shuíomh luathbhlianta lán-Ghaeilge a thabhairt isteach, ar bhonn céimnithe.

vi. Is gá córas tacaíochta tacaíochta a chinntiú idir naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge. Is gá an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna 2018) a leasú **chun leanúnachas a cheadú ón naíonra go dtí an bhunscoil lán-Ghaeilge.**

Soláthar a threisiú sna Bunscoileanna

i. Tá géarghá le **cur chuige córasach agus tacúil do mhúinteoirí i leith forbairt ar a gcumas teanga.**

ii. T**á gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla–** tá líon daltaí níos airde sna scoileanna lán-Ghaeilge ar an meán agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas.

iii. Ní mór **tumoideachas i scoil neamhspleách a thairiscint mar bhuncheart do gach páiste.**

iv. Tá ga le **táscairí dea-chleachtas don suíomh tumoideachais** a fheidhmiú trí phlean tacaíochta chuige.

v. Tá ga le **cúntóir ranga do na naíonáin chun cabhrú le sealbhú na teanga**. Tasc an-dúshlánach do mhúinteoirí ranga leo féin, i ranganna atá rómhór (níos mó ná an meán sna scoileanna Béarla).

vi. Ní mór **2 bhliain den luath-thumoideachais** a bheith mar sprioc ag gach scoil mar chritéir aitheantais gaelscoile, trí threoir agus tacaíocht ón gCigireacht.

vii. Ní mór scéim GTB a bhunú – Samhail EAL le **Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise** do dhaltaí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga.

viii. **Forbairt Ghairmiúil Léanúnach chuimsitheach agus fhorleathan do mhúinteoirí ar fheidhmiú an luath-thumoideachais**.

ix. Tá gá le **treoirlínte teagaisc don suíomh tumoideachais** trí na ranganna agus leibhéil ar fad

x. Tá gá le forbairt ghairmiúil leanúnach atá in oiriúint do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (ag an dá leibhéal) agus **soláthar trí Ghaeilge go comhuaineach de chlár iomlán an PDST, NCSE agus na soláthróirí tacaíochta uile.**

xi. Tá gá le **tacaíocht bhreise** do scoileanna le cabhrú leis an teanga ó bhéal, an teanga chognaíoch agus an teanga shóisialta – de réir mar a d'aithin na Cigirí scoile (Tuarascáil Ilchodach na Cigireachta, lch. 6).

xii. Tá gá le **tacaíocht bhreise** sna scoileanna (foireann bhreise agus treoirlínte) chun **straitéisí difreáilte teagaisc** a chur i bhfeidhm.

xiii. Tá gá le córas cuí soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (**creat cáilíochta don tumoideachas; caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéar ceapacháin; painéil ar leith do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge, srl).**

xiv. Tá straitéisí de dhíth le dul i ngleic leis an ngéarchéim earcaíochta agus choinneála - níl múinteoirí nuacháilithe meallta ag an ngairm le hais tíortha eile. Tá an-tóir orthu thar lear agus tá roinnt tíortha ag tairiscint pacáistí tarraingteacha dóibh (tuarastal, coinníollacha níos fearr, lóistín saor in aisce, deiseanna dul chun cinn).

xv. Ní mór an liúntas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar aitheantas ar an ualach breise oibre.

xvi. Ní mór go dtógfar na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh san anailís chuimsitheach náisiúnta ar chúrsaí soláthair (a fhoilseoidh an Roinn 2023). Níl léargas cruinn ann ar leibhéal na ndúshlán reatha ná don todhchaí de bharr an easnaimh seo.

xvii. Tá gá le **breis clár oiliúna tosaigh do mhúinteoirí a ullmhaíonn iad don chóras tumoideachais**, agus de réir na n-ábhar uile.

xviii. Moltar go ndéanfaí poist bhuana a thairiscint ón tús, seachas conarthaí ar théarma seasta 2 bhliain má tá múinteoirí le mealladh chuig an ngairm.

xix. Moltar go dtabharfaí deiseanna forbartha níos fearr (poist le freagrachtaí srl) a thairiscint.

Soláthar a threisiú sna hiar-bhunscoileanna

i. **Táscairí dea-chleachtas don suíomh tumoideachais** a fheidhmiú trí phlean tacaíochta chuige

ii. **Scoileanna neamhspleácha tumoideachais in áit aonaid d'aon soláthar úr sa todhchaí**.

iii. **Cianteagaisc/cianfhoghlaim** trí cheangal físchomhdhála le Gaelcholáiste eile sa chás go mbíonn easnamh ann ó thaobh múinteora in ábhair ar leith.

iv. Níos mó tacaíochta chun cabhrú le **saibhreas agus cruinneas na scoláirí** i dtromlach na gceachtanna ar bhonn traschuraclaim, de réir mar a d'aithin na Cigirí scoile (Tuarascáil ilchodach na Cigireachta, Lch. 14).

v. Forbairt ghairmiúil leanúnach atá in oiriúint do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (ag an dá leibhéal) agus soláthar trí Ghaeilge go comhuaineach de chlár iomlán an PDST, JCT, NCSE agus na soláthróirí tacaíochta uile.

Riachtanais Speisialta Oideachais i suíomhanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge

Roghnaíonn go leor tuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu oideachas lán-Ghaeilge dá gclann. Tá méadú mór tagtha ar líon na ranganna speisialta atá ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge le blianta beaga anuas agus líon na bpáistí atá ag fáil buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge ó leibhéal an naíonra ar aghaidh.

Meastar go bhfuil diagnóis riachtanais bhreise oideachais (RBO) ag 9.4% de dhaltaí bunscoile a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (Nic Aindriú, Ó Duibhir, & Travers, 2020). Faigheann céadtadán níos airde arís tacaíocht bhreise teagaisc ón múinteoir oideachais speisialta (Nic Aindriú, Ó Duibhir, & Travers, 2021).

In ainneoin go bhfuil 26 bhunscoil lán-Ghaeilge a bhfuil ranganna speisialta acu anois, **níl ach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge amháin lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil ranganna speisialta ar fáil inti – rud atá ag cur bac ollmhór ar dhaoine óga leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge**. Teastaíonn soláthar breise agus na tacaíochtaí cuí ón Roinn agus na heagraíochta tacaíochta ar bhonn práinne.

Is í an disléicse an chatagóir is forleithne riachtanais speisialta ag leibhéal na bunscoile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (Barrett, Kinsella, & Prendeville, 2019; Nic Aindriú et al., 2020; Nic Gabhann, 2009). Is iad na catagóirí eile riachtanais is minice a thuairiscítear ná; diospraicse, neamhord de chuid speictream uathachais, deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta, neamhord sonrach cainte agus teanga (Barrett, Kinsella, Prendeville, 2019; Nic Aindriú et al., 2020). Dar leis an taighde, níl mórán difríochta le sonrú maidir le líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus Béarla (Nic Aindriú, S. & Ó Duibhir, P. 2022).

In ainneoin an obair ollmhór dhearfach atá ar siúl ag naíonraí agus scoileanna, **tá an easpa clár, idirghabálacha, treoirlínte, acmhainní measúnaithe agus teagaisc trí Ghaeilge atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta oideachais sa suíomh tumoideachais/dátheangach an-dúshlánach,** faraor. Ag leibhéal an naíonra, in ainneoin na bhforálacha agus cuspóirí uaillmhianacha sonraithe sa Scéim Aim, níl na baill foirne bhreise ar fáil le fostú agus níl acmhainní ná tacaíochtaí cuí á gcur ar fáil don earnáil seo ar chor ar bith.

Léiríonn an taighde gur féidir le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais buntáistí a bhaint as an tumoideachas agus an dátheangachas, ach **teastaíonn breis seirbhísí tacaíochta agus acmhainní i gcoitinne atá spriocdhírithe ar a gcuid riachtanas leis an gcur chuige ionchuimsitheach a chinntiú** agus le dearbhú gur féidir leis na naíonraí agus scoileanna freastal mar is cuí ar na daoine óga seo. Tá sé fíorthábhachtach do na teaghlaigh atá tar éis a gcuid muiníne a chur sa chóras lán-Ghaeilge agus do na teaghlaigh ionchasacha atá ag smaoineamh ar an oideachas lán-Ghaeilge a roghnú go gníomhófar ar na moltaí thíos mar chuid den pholasaí nua seo.

Moltaí Gaeloideachas

Na Luathbhlianta

i. Ba cheart **feasacht comhordaithe náisiúnta** a mhéadú tríd na heagraíochtaí agus áisínteachtaí tacúla RSO faoin gcaoi a dtacaíonn an tumoideachas le páistí a bhfuil RSO acu agus oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann uile na naíonra i gcur i bhfeidhm an tumoideachais. Is gá clár oiliúna a sholáthar go sonrach do speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais.

ii. Is gá acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil i nGaeilge do pháistí, don fhoireann agus do thuismitheoirí, ag cinntiú **go ndéantar iad a dhearadh nó a oiriúnú do chomhthéacs an tumoideachais**. Ní gá go léiríonn na cinn a aistrítear go díreach ón leagan Béarla comhthéacs an tumoideachais agus an ilteangachais.

Bunscoileanna

i. Tá gá le clár feasachta – an teachtaireacht agus an tacaíocht ag léiriú gur féidir agus gur fiú do pháistí le RSO a bheith sa chóras oideachais lán-Ghaeilge
ii. Ní mór **clár oiliúna (réamhoiliúint) a chur ar fáil go forleathan a ullmhaíonn múinteoirí naíonraí agus scoileanna le bheith ina speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais** (Sainchúrsa fochéime (B.Oid.; módúil éigeantacha sna coláistí oiliúna)
iii. Moltar **comhordaitheoir pleanála RSO roinnte idir scoileanna lán-Ghaeilge**, agus mar éascaitheoir a chabhraíonn leis an leanúnachas do pháistí le RSO sa naíonra isteach sa bhunscoil lán-Ghaeilge.
iv. Moltar **leithdháileadh sa bhreis do scoileanna lán-Ghaeilge chun deileáil le deacrachtaí litearthachta sa dá theanga / níos mó múinteoirí tacaíochta foghlama - Tacaíocht teanga bhreise ann féin don Béarla agus don Ghaeilge (leithdháileadh ar leith in aghaidh na teanga) mar aon leis an mata.** Tá aitheantas go bhfuil tacaíocht sa dá theanga de dhíth sa cháipéisíocht oifigiúil ón RO.
v. Moltar **tacaíocht sa bhreis ó na SENOs** atá dírithe ar na cúinsí éagsúla teanga sna scoileanna
vi. Mar bhunphrionsabal moltar **go mbeadh seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge** do scoileanna ar a n-áirítear teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, fisiteiripeoirí agus síceolaithe agus go mbeadh cláir feasachta éigeantacha ar fáil don lucht gairmiúil.
vii. Moltar go bhforbródh an **NCSE cúrsa oiliúna i nGaeilge dírithe ar chúntóirí riachtanais speisialta oideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta** agus go mbeadh scéim tacaíochta bainteach leis a chinntíonn réamhoiliuint agus FGL ar fáil i nGaeilge dóibh.
viii. Moltar go mbeadh **breis uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha urlabhra agus teanga don suíomh tumoideachais**. Uirlisí caighdeánaithe foirmiúla leis an teanga ó bhéal, gabhchumas teanga, teanga léiritheach, agus cumarsáid shóisialta a mheas.
ix. Ní mór go gcuirfear **leagan Gaeilge ar fáil go comhuaineach leis an leagan Béarla den cháipéisíocht, tacaíochtaí agus acmhainní do scoileanna agus do thuismitheoirí** agus go ndéanfaí oiriúnú ar an ábhar don chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in áit aistriúchán ó leagan Béarla nach dtugann léargas ar chomhthéacs an tumoideachais agus an dátheangachais
x. Tá gá le treoir agus tacaíocht **faoi thacaíochta inranga do dhaltaí**.
xi. Tá géarghá le tacaíocht bhreise do scoláirí le RSO chun tabhairt faoin **nGaeilge & Béarla T1 ag an iar-bhunleibhéal**
xii. Tá gá le hacmhainní i nGaeilge, deartha don suíomh tumoideachais, seachas aistriúchan ón mBéarla.
xiii. Tá níos mó infheistíochta de dhíth i bhforbairt **áiseanna digiteacha do phaistí le deacrachtaí foghlama, a bheadh mealltach, agus a éascaíonn an próiseas foghlama.**
xiv. Tá gá le **comhairle agus treoir ón gCigireacht / SENOs maidir le feidhmiú ranganna speisialta trí Ghaeilge.**
xv. Tá gá le **breis infheistíochta do COGG le haghaidh áiseanna chun tacú leis an measúnú trí Ghaeilge / oideachas lán-Ghaeilge i gcoitinne.**
xvi. Moltar **oiliúint éigeantach ar an suíomh tumoideachais do gach soláthróir a chuireann seirbhís ar fáil ag an 3 leibhéal.**

Iar-bhunscoileanna

i. Tá gá le **tacaíochtaí cuí de dhíth do mhúinteoirí, idirghabhálacha a thógann an Teastas Sóisearach, Ardteist (na cinéalacha éagsúla) san áireamh.**

ii. Is minic a chuireann tuismitheoirí in iúl go bhfuil **imní orthu nach mbeadh ar chumas na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge freastal mar is cóir ar riachtanais speisialta foghlama a bpáistí** agus gur shocraigh siad gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge dá réir. Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar imní seo, go comparáideach le leibhéal na dtacaíochtaí atá ar fáil chun na bearnaí a thuiscint agus a líonadh.

iii. Moltar go dtabharfaí faoi phróiseas oiliúna le múinteoirí agus le príomhoidí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, chun riachtanais speisialta foghlama i gcomhthéacs an tumoideachais a chíoradh agus a phlé.

Comhionnanas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú san Oideachas lán-Ghaeilge

Cuireann naíonraí agus scoileanna éiteas ionchuimsitheach chun cinn agus cuirtear fáilte roimh pháistí ó gach cúlra teanga, cultúrtha, creidimh agus socheacnamaíochta. Tá borradh ar líon na bpáistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chóras freisin – le diagnóis RSO faighte ag 9.4% den phobal bunscoile lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá scoileanna lán-Ghaeilge ar fáil faoi phátrúnachtaí éagsúla chomh maith agus bíonn sainmheoin creidimh éagsúla ag scoileanna ag brath ar a bpátrún. Ina measc, tá scoileanna sainchreidhmheacha, scoileanna idirchreidmheacha agus scoileanna ilchreidmheacha agus tá na scoileanna seo ag freastal ar phobal leathan.

Le freastal ar an an éagsúlacht theangeolaíochta agus chulturtha atá faoi bhláth in Éirinn le blianta anuas, cuireann Gaeloideachas bileoga eolais ar fáil do theaghlaigh sna teangacha seo a leanas: Gaeilge, Béarla, Fraincis, Liotuáinis, Polainnis, Rómáinis, Spáinnis agus Úcráinis. Bíonn éileamh ollmhór ar an ábhar seo leis an bplé a éascú le teaghlaigh ó chúlraí éagsúla teanga, agus ar an leagan Úcráinise dár leabhrán *Déan Comhrá*. Maítear go bhfuil dearcadh an-dearfach ar an oideachas lán-Ghaeilge agus ar fhoghlaim na Gaeilge i gcoitinne, mar aon leis na buntáistí a bhaineann leis, ag teaghlaigh ilteangacha a roghnaíonn an t-oideachas lán-Ghaeilge dá gclann (Ní Dhíorbháin 2022). Ach in ainneoin dhea-thoil na scoileanna éiteas ionchuimsitheach agus oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do phobail éagsúla, léiríonn taighde Ní Dhíorbháin go bhfuil an **líon páistí ó chúlraí éagsúla teanga agus chultúrtha fós faoi ghannionadaíocht san oideachas lán-Ghaeilge. Tá roinnt cúiseanna leis seo, ach an ceann is mó ná an easpa soláthair atá ar fáil agus an easpa áiteanna naíonra agus scoile atá ar fáil timpeall na tíre ar an iomlán** – rud a chuireann bac mór ar theaghlaigh spás ar bith a fháil agus ionadaíocht níos leithne a bheith ann. **Tá géarghá le polasaithe a chinntíonn rochtain chothrom don oideachas lán-Ghaeilge do gach teaghlach** (Ní Dhíorbháin 2022).

Tá borradh leanúnach ar líon na scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste a bhfuil stádas DEIS acu freisin. Dar lenár staitisticí, tá 27 mbunscoil a bhfuil stádas DEIS aici lasmuigh den Ghaeltacht agus 5 iar-bhunscoil a chuireann oideachas lán-Ghaeilge ar fáil do phobail atá i mbaol idirdhealaithe nó eisiamh sóisialta. Is céatadán suntasach é seo - timpeall 17% den líon iomlán bunscoileanna agus os cionn 10% de na hiar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Léiríonn taighde Ní Chlochasaigh (2020) na buntáistí gnóchthachtála do dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS in ainneoin an easpa treorach, treoirlínte, tacaíochta agus acmhainní breise atá ar fáil dóibh ar an iomlán, go háirithe mar a bhaineann le coinníollacha míbhuntáiste na scoileanna agus cúrsaí teanga san áireamh.

Moltaí Gaeloideachas

i. **Ní mór soláthar breise a chur ar fáil le go mbeidh an t-oideachas lán-Ghaeilge mar rogha do gach teaghlach agus go mbeidh ionadaíocht níos leithe ó phobail éagsúla sna naíonraí agus scoileanna.** Chuige sin, teastaíonn na polasaithe, treoirlínte agus acmhainní cuí, mar atá molta thíos, a chur ar fáil a chinnteoidh **rochtain chothrom ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán do gach teaghlach.** Ba chóir go mbeadh teacht ag gach páiste ar áit i naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge laistigh d'achar taistil réasúnta óna baile. Is é an rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san oideachas lán-Ghaeilge.

ii. Ba cheart don Stát **rogha an oideachais lán-Ghaeilge a normalú mar rogha don phobal ar fad agus feasacht a ardú ar bhuntáistí an tumoideachais**. Tá géarghá le feachtas poiblíochta agus fianaise a roinnt ag leibhéal na Roinne maidir le feiliúnacht an chórais tumoideachais do theaghlaigh ó gach cineál cúlra.

i. **Ba chóir treoir chuí agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge DEIS maidir leis an gcleachtas is fearr sa tumoideachas**, ag cur san áireamh riachtanais an phobail agus leibhéal an mhíbhuntáiste sa cheantar.

ii. Ní mór **sainriachtanais scoileanna lán-Ghaeilge DEIS a thógáil san áireamh i gcláir oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnacha** le cinntiú go bhfuil an saineolas cuí i measc baill foirne.

iii. Moltar **múinteoir tacaíochta teanga a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge DEIS chun tacú le scileanna teanga na ndaltaí agus leis an bhfoireann, dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le luathshealbhú teanga i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais teanga na ndaltaí.** D'fhéadfadh ról a bheith ag an Múinteoir(í) Tacaíochta Teanga caidreamh dearfach a chothú idir an baile agus an scoil chun comhionnanas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a threisiú agus a mhéadú sna gaelscoileanna lasmuigh den ghaeltacht.

Gaeilge i Suíomhanna Oideachais agus sa Mhórphobal

Sonraíonn an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

> *Is é an tátal a bhaintear as iarrachtaí athneartaithe teangacha ar fud an domhain go bhfuil sé thar a bheith riachtanach beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil. Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha agus go gcruthófar gréasáin chainteoirí trí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Oibreoidh an earnáil oideachais i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí cuí maidir leis sin*

Níor bunaíodh córas riamh chun na gníomhaireachtaí thuas luaite a chur i bhfeidhm a thacódh agus a d'oibreodh i gcomhpháirt leis an earnáil oideachais. Lasmuigh den Ghaeltacht, fágadh an cúram agus an fhreagracht athneartaithe na Gaeilge ar cheannasaithe na naíonraí agus na scoileanna. Is é an príomhról atá ag stiúrthóirí naíonra agus ag Príomhoidí scoile lán-Ghaeilge ná ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil do gach páiste trí mheán na Gaeilge agus ina dhiaidh sin baineann an ról tánaisteach le beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh de gheata an naíonra / na scoile.

Aithníonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga an phobail agus an ról lárnach atá aicu i gcosaint teanga an phobail. Baineann an tábhacht céanna leis an bPolasaí nua don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht le cur chun cinn agus caomhnú na teanga i measc mhuintir na hÉireann i gcoitinne. Go deimhin, gan na pobail teanga a bheith chomh forleathan agus láidir lasmuigh den Ghaeltacht, tá gá le tacaíocht spriocdhírithe do theaghlaigh atá ag tógáil a clainne le Gaeilge nó go dátheangach / hilteangach. Tá cur chun cinn na Gaeilge ag brath go suntasach ar dhaltaí / scoláirí agus a dteaghlaigh atá sa chóras nó atá tagtha tríd an córas agus ní mór don Stát tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh ina leith. De bharr tábhacht an ról atá ag na naíonraí agus na scoileanna, ní mór a chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach ag na daltaí/scoláirí ón naíonra go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Moltaí Gaeloideachas

i. Ní mór don Stát **infrastruchtúr tacaíochta a chur ar fáil timpeall naíonraí agus scoileanna chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí ar fáil dóibh trí Ghaeilge ina bpobal áitiúil**. Moltar Oifigigh Gaeilge ceangailte le líonraí atá ag tacú le cothú na Gaeilge sa phobal/nasc leis na naíonraí / scoileanna. Tá ról ag an naíonra / scoil lena pobal féin, ach níor cheart freagracht níos leithne ná sin a bheith orthu.

i. Ní mór **seirbhísí seachtracha** a chur ar fáil mar thacaíocht don naíonra / scoil i nGaeilge, ar a n-áirítear seirbhísí creidimh trí Ghaeilge nuair is cuí.

ii. Tá gá le **polasaí soiléir agus tacaíocht chuí maidir le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe – moltar an amchainn Beatha Teanga (www.beathateanga.ie)** atá forbartha ag Gaeloideachas chuige seo agus infheistíocht bhreise a chur ann le go mbeidh lán-éifeacht aige go náisiúnta agus ag an 3 leibhéal.

Tuairimí / léargas breise ar fhorbairt an pholasaí

Tá forbairt an pholasaí seo an-tráthúil i gcomhthéacs na sprice de **20% de na stáit seirbhísigh agus fostaithe sa tSeirbhís Poiblí a bheith in ann seirbhísí uile an chórais phoiblí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge** faoin mbliain 2030. Beidh **comhlíonadh na sprice seo ag brath go suntasach ar leathnú agus cumasú an tsoláthair oideachais lán-Ghaeilge**. Ciallaíonn sé seo méadú ar líon na bpáistí sa chóras, rochtain ag páistí ar Oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal i suíomh iomlán tumoideachais, forbairt ar chaighdeán an tsoláthair agus cumasú fhoirne. **Tá soláthar leordhóthanach agus rochtain do gach páiste ar Oideachas lán-Ghaeilge ag na 3 leibhéal ina riachtanas bunúsach** má tá rath le bheith ar an sprioc thuas, ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus ar chaighdeán an eispéaras thumoideachais in Éirinn.

Mar thúschéim i dtreo an fhorbartha seo, molann Gaeloideachas go ndéanfaí **anailís agus sainiú** ar na nithe seo a leanas:

- an fhís atá ag an Stát / RO don oideachas lán-Ghaeilge
- an sainmhíniú atá ag an Roinn Oideachais ar thumoideachas i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge
- an sainmhíniú a bhaineann le naíonra / bunscoil / iar-bhunscoil ó thaobh raon, caighdeáin, cur chuige an tumoideachais
- an sainmhíniú a bhaineann le Aonad i dtaobh caighdeán, raon agus cur chuige an tumoideachais – mar a bhaineann le hAonaid Reatha – ach nach mbeidís mar chuid de thairiscint ar sholáthar nua sa todhchaí. Moltar scoileanna neamhspleácha amháin.

Ról Gaeloideachas

Tá ról uathúil ag Gaeloideachas mar eagraíocht thacaíochta agus ionadaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (mar a bhaineann le scoileanna). Ó bunaíodh an eagraíocht sa bhliain 1973, tá ról lárnach againn i mbunú scoileanna ag an dá leibhéal. Ó tháinig na naíonraí faoin gcúram ó thaobh seirbhísí tacaíochta sa bhliain 2014, tá ról nach beag againn ag tacú le bunú agus buanú naíonraí mar fhorais thábhachtacha thumoideachais. Sa bhliain 2011 cuireadh srian ar bhunú scoileanna ach amháin i gceantair a d'aithin an Roinn agus cuireadh srian mhór ar bhunú scoileanna lán-Ghaeilge dá réir. In ainneoin sin, lean Gaeloideachas lena seirbhísí tacaíochta, comhairle agus cúnamh do thuismitheoirí agus an pobal sna ceantair réamhaitheanta agus níos forleithne ná sin.

Ba mhian le Gaeloideachas go n-aithneofaí an ról uathúil seo i mbealach níos foirmiúla agus go dtabharfar deis don eagraíocht tionchar dearfach a imirt ar leasú na bpróiseas agus i bhfeidhmiú na gcóras bunaithe scoile le go mbeidh rath ar ghealltanas an Stáit ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a bheith ar fáil do gach dalta ar mian leis / léi é.

Aguisín: Aiseolas ón gComhairliúchán Poiblí

Thug Gaeloideachas faoi shraith cruinnithe le spriocghrúpaí éagsúla mar chuid d'ullmhú na haighneachta seo le cinntiú go raibh deis ag ár gcuid ngeallsealbhóirí éagsúla a gcuid tuairimí agus aiseolais a áireamh san aighneacht seo. I measc na spriocphobal, eagraíodh cruinnithe faoi leith do na dreamanna thíos:

- Príomhoidí bunscoile
- Múinteoirí naíonra
- Múinteoirí agus príomhoidí iar-bhunscoile
- Tuismitheoirí agus caomhnóirí (gach leibhéal)
- Cruinniú poiblí (dírithe ar na grúpaí uile thuas agus éinne eile ón mórphobal le suim sa chomhairliúchán)

Teacht le chéile na bpríomhoidí bunscoile ag Comhdháil an IPPN

Cill Áirne, 16 Samhain

i. Ní mór scéim GTB a bhunú – Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise do dhaltaí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Samhail EAL
ii. Gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla– tá líon daltaí níos airde sna scoileanna lán-Ghaeilge ar an meán agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas
iii. Ní mór tumoideachas i scoil neamhspleách a thairiscint mar bhuncheart do gach páiste ag an iarbhunleibhéal
iv. Tá ga le cúntóir ranga do na naíonáin chun cabhrú le sealbhú na teanga. Tasc an-dúshlánach do mhúinteoirí ranga leo féin, i ranganna atá rómhór (níos mó ná an meán sna scoileanna Béarla)
v. Tá gá le forbairt ghairmiúil leanúnach atá in oiriúint do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (ag an dá leibhéal) agus soláthar trí Ghaeilge go comhuaineach de chlár iomlán an PDST, NCSE agus na soláthróirí tacaíochta uile
vi. Tá gá le tacaíocht bhreise sna scoileanna (foireann bhreise agus treoirlínte) chun straitéisí difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm
vii. Tá gá le córas cuí soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (creat cáilíochta don tumoideachais; caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéar ceapacháin; painéil ar leith do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge, srl)
viii. Tá straitéisí de dhíth le dul i ngleic leis an ngéarchéim earcaíochta agus choinneála - níl múinteoirí nuacháilithe meallta ag an ngairm le hais tíortha eile. Tá an-tóir orthu thar lear agus tá roinnt tíortha ag tairiscint pacáistí tarraingteacha dóibh (tuarastal, coinníollacha níos fearr, lóistín saor in aisce)
ix. Ní mór an liúntas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar aitheantas ar an ualach breise oibre
x. Ní mór go dtógfar na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh san anailís chuimsitheach náisiúnta ar chúrsaí soláthair (a fhoilseoidh an Roinn 2023). Níl léargas cruinn ann ar leibhéal na ndúshlán reatha ná don todhchaí de bharr an easnaimh seo

xi. Tá gá le breis clár oiliúna tosaigh do mhúinteoirí a ullmhaíonn iad don chóras tumoideachais, agus de réir na n-ábhar uile
xii. Go léireoidh an Stát an luach ceart ar mhúinteoirí trí thuarastal níos fearr agus aitheantas ar an obair bhreise sa chóras tumoideachais
xiii. Go ndéanfaí poist bhuana a thairiscint ón tús, seachas conarthaí ar théarma seasta 2 bhliain má tá múinteoirí le mealladh chuig an ngairm
xiv. Go dtabharfaí deiseanna forbartha níos fearr (poist le freagrachtaí srl) a thairiscint.

Grúpa fócais na naíonraí 1

Ar líne, 29 Samhain 2022

i. Ba cheart go mbeadh an deis ag gach páiste freastal ar réamhscoil trí mheán na Gaeilge. Siad na naíonraí bunchloch an chórais. Tugann siad deis don tuismitheoir dul i muinín an oideachais lán-Ghaeilge. Tugann siad deis chomh maith do pháistí nach bhfaigheann áit sna naíonáin bheaga aistriú go scoil lán-Ghaeilge ag aois níos sine má bhíonn deis ann, toisc go bhfuil bunús teanga agus muinín acu.
ii. Tá dianchúrsa de dhíth do mhúinteoirí naíonra le muinín a thógáil. Bhí an leabhar *Céimeanna Beaga* le FNT le moladh.
iii. I gcás roinnt naíonraí, tá an reachtaíocht nua maidir le hiontráil ar scoil ag imirt droch-thionchar orthu, agus ar na scoileanna.
iv. Tá múinteoirí naíonra muiníneacha ag fáil poist mar cúntóirí riachtanais speisialta i scoileanna: tá pá níos fearr acu, uaireanta oibre níos fearr, agus coinníollacha níos fearr i gcoitinne. Tá sé tábhachtach a rá nach gá gur seo céad rogha an duine agus go minic gur fearr leo bheith ag obair mar mhúinteoir naíonra, ach le costais maireachtála mar atá, nach bhfuil rogha acu.
v. Bíonn gá le seirbhísí breise a chur ar fáil – clubanna iar-scoile agus eile – le go mbeidh dóthain teacht isteach ag foireann an naíonra, ach tógann sin uile fuinneamh ó obair an naionra féin.
vi. Buaileann tuismitheoirí le chéile ag geataí an Naíonra - tugann siad spreagadh, misneach agus tacaíocht dá chéile ar thuras an Ghaeloideachais – seo bunchloch an Ghaeloideachais
vii. Ní roghnaíonn dalta meánscoile nó mic léinn gairm an mhúinteora naíonra toisc
   - Nach bhfuil scála pá ceart ann
   - Nach bhfuil tuarastal 12 mí ann – tá pá 38/40 seachtain
   - Nach bhfuil coinníollacha maithe ann
   - Nach bhfeictear gur post ceart é
   - Nach post é a roghnaíonn duine, is post é a tharlaíonn do dhuine

Chun é seo a athrú, caithfear na naíonraí a tharraingt isteach sa chóras bunscolaíochta, dar liom

- Rang a thabhairt orthu
- Páistí atá 3 bliana nó níos sine a bheidh ag dul ar scoil an bhliain dár gcionn a bheith ann
- Scála pá ceart – ar leibhéal na gCRSanna – fostaithe de chuid na Roinne Oideachais a bheith i múinteoirí naíonraí

Ní leor an deontas ECCE chun naíonra d'ardchaighdéan a chur ar fáil do pháistí

Tá ganntanas bunmhúinteoirí faoi láthair agus an tuarastal agus na coinníollacha oibre atá acu… Samhlaigh an ganntanas múinteoirí réamhscoile… Ansin, cuir an Ghaeilge san áireamh…

Grúpa Fócais an Iar-bhunleibhéil

Ar líne, 5 Nollaig 2022

Conas is féidir daoine a spreagadh chun oideachas lán-Ghaeilge a roghnú?

i. Tá tacaíochtaí teanga sa seomra ranga de dhíth do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge mar T2 acu.
ii. Go mbeidh comhionann na gcúntóirí teanga ar fáil dóibh mar atá sna scoileanna faoin POG.
iii. Luadh go mbíonn tacaíocht múinteora ar fáil do scoileanna faoin POG chomh maith leis na cúntóirí teanga, mar aitheantas ar an obair riaracháin sa bhreis atá i gceist leis an scéim a fheidhmiú. Ta FGL á chur ar fáil do na múinteoirí seo ó COGG.
iv. Bíonn imní ar thuismitheoirí maidir le cumas teanga a bpáistí – an mbeidh siad in ann don iar-bhunleibhéal.
v. An soláthar múinteoirí a dheimhniú.

Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun daltaí a spreagadh le leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an IBL?

i. Tá club Gaeilge do dhaltaí na mbunscoileanna áitiúla (lán-Ghaeilge & Béarla) bunaithe ag iar-bhunscoil amháin le leanúnachas a spreagadh ach tá go leor oibre i gceist leis agus tá oiliúint agus cúnamh de dhíth le tabhairt faoi.
ii. Moladh oiliúint a thabhairt do phríomhoidí/ bainistíocht scoile chun margaíocht a dhéanamh ar an scoil.
iii. Moladh gur ceart na pobail a spreagadh i ngach ceantar ina bhfuil ganntanas soláthair ag an iar-bhunleibhéal le tabhairt faoin suirbhé agus scoil nua a éileamh.
iv. Moladh argóintí ar son gaelcholáistí nua a bhunú ar uimhreacha/staitisticí mar atá déanta ag an ngrúpa BÁC 2,4,6,8.
v. Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á gcur ar fáil ag iar-bhunscoil eile, rud a chabhraíonn le leanúnachas a spreagadh trí muinín na dtuismitheoirí a thógáil, agus a chabhraíonn chomh maith le ráta coinneála na scoile (is scoil DEIS í).
vi. Aithníodh an tionchar a imríonn cúrsaí iompair ar an leanúnachas.
vii. Pléadh an bhagairt a bhféadfadh bheith i gceist leis an tSonraíocht nua don Ghaeilge nua don leanúnachas – tá sé ag cruthú imní i measc daltaí agus tuismitheoirí toisc go mbeadh dúshlán sa bhreis i gceist leis gan chúiteamh. Luadh díomá a bheith ar scoláirí le torthaí Gaeilge an Teastais Shóisearaigh le gairid chomh maith.
viii. An príomhrud a theastaíonn ná soláthar múinteoirí, tá gá le cúrsaí MGO eile ar fud na tíre.
ix. Meastar go mbíonn daltaí agus a dtuismitheoirí airdeallach ar na dúshláin seachas na buntáistí mar a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilgeagus cinntí fuarchúiseacha le déanamh acu maidir leis an leanúnachas.

Cén chaoi ar féidir tacaíochtaí do RSO a fheabhsú?

i. Aithníodh go bhfuil dúshlán ann go fóill le meoin i leith cumas na scoileanna freastal ar dhaltaí le RSO, agus go bhfuil eagraíochtaí náisiúnta tacaíochta ag moladh nach gcuirfí go scoileanna lán-Ghaeilge iad.
ii. Is fadhb í nach bhfuil oiliúint tosaigh ar fáil do chúntóirí RSO trí Ghaeilge. Níl na tacaíochtaí céanna ar fail do na scoileanna lán-Ghaeilge maidir le RSO.
iii. Tá mórfhadhbanna ann le soláthar múinteoirí/ cúntóirí Riachtanais speisialta agus le caighdeán Gaeilge.

iv. Aithníodh an gá le breis acmhainní RSO a bheith ar fáil le gur féidir le Gaelcholáistí freastal cuí a dhéanamh ar scoláirí- níl an méid céanna acmhainní RSO ar fáil i gcomparáid leis an mBéarla

Cén chaoi le comhionannas a spreagadh san earnáil?

i. Tá géarghá le múinteoirí a léiríonn éagsúlacht cine agus cultúir sa chóras. Tá buntáiste ag daltaí mátharscoile i scoil ina bhfuil aonad go bhfaigheann siad léargas éigin ar an nGaeilge agus ba cheart dreasachtaí a bheith ar fáil le daltaí a thabhairt ar cuairt ag an nGaeltacht.

Pointí eile a rinneadh:

ii. Tugann na critéir teanga atá leagtha síos do na scoileanna faoin POG buntáiste dóibh sa mhéid agus go bhfuileadar in ann stádas na scoile mar scoil lán-Ghaeilge Gaeltachta a shoiléiriú do thuismitheoirí gan aon leithscéal a dhéanamh faoi. Bíonn sé níos éasca seirbhísí iomlán trí Ghaeilge a iarraidh ar soláthróirí a thagann isteach sa scoil.
iii. Tá gá le deiseanna a chur ar fáil do scoileanna chun deachleachtais a roinnt mar a tharlaíonn faoin POG.
iv. Gá le míniú ar céard é Tumoideachas ag an IBL.
v. Ta sé fíorthábhachtach scoileanna/múinteoirí a ghríosadh chun aighneachtaí & suirbhéanna comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais
vi. Gá le liúntas do chíos do mhúinteoirí i mBÁC le hiad a mhealladh ag múineadh ann.
vii. Pléadh an dua breise do mhúinteoirí agus do dhaltaí agus easpa acmhainní feiliúnacha bheith ar fáil as Gaeilge, mar aon le téacsleabhair atá as dáta = “saol an mhúinteora agus saol na ndaltaí níos deacra”

Cruinniú don mhórphobal

Óstán Alex, Baile Átha Cliath 2, 6 Nollaig 2022

i. An bhfuil eolas ón gcigireacht luathbhlianta le háireamh, mar atá á dhéanamh ag leibhéal na scoile?
ii. Bhí go leor plé ar an luath-thumoideachas iomlán (agus drogall ina leith) nuair a bhí an POG á fhorbairt, an bhfuil muid ag glacadh leis anois leis an bPOLG nach gá an plé sin a dhéanamh athuair?
iii. Cad is féidir a fhoghlaim ó thaithí ar an bPOG maidir leis na luathbhlianta gur féidir tógáil air don polasaí don oideachas lán-Ghaeilge?
iv. Ceist maidir le soláthar múinteoirí curtha agus an POG á fhorbairt, bunaíodh soláthar breise sna coláistí oiliúna agus chabhraigh sé, is gá sin a dhéanamh arís don POLG.
v. Níl cúis nach mbeadh oiliúint trí Ghaeilge á fháil ag múinteoirí fiú mura bhfuil sé i gceist acu bheith ag obair i suíomh tumoideachais. Ní gá go mbeadh costas ollmhór I gceist le beartas den chineál seo. B'fhiú breathnú ar caighdeán Gaeilge níos airde a éileamh mar riachtanas iontrála.
vi. Tá imní ar thuismitheoirí maidir leis na sonraíochtaí nua (teastas sóisearach agus Ardteist) agus tá baol ann go mbeidh daltaí ag fágáil an chóras tumoideachais luath mura bhfeictear dóibh go mbeidh cúiteamh le fáil ar an obair bhreise a bheadh I gceist le cúrsa níos dúshlánaí.
vii. Tá fadhbanna leis na rialacháin mar a bhaineann le tús áite a thabhairt do pháistí le Gaeilge – níl idirdhealú idir páistí atá á dtógáil le Gaeilge agus páistí le roinnt Gaeilge sa bhaile.
viii. Tá acmhainn an chórais taobh thiar den éileamh ón bpobal.
ix. Tá fadhb leis an gcaighdeán sna naíonraí agus scoileanna don chainteoir dúchais mar go nglactar leis gur T2 í an Ghaeilge do gach éinne.
x. Tá faillí déanta ag an Stát maidir le soláthar. Tá soláthar iar-bhunscoile ag staid géarchéime. Ní oibríonn aonaid agus ní cheart glacadh leis go bhfuil an Roinn Oideachais neodrach ar an gceist. Tá siad frith-ghaelach lena gcuid polasaithe.
xi. Déanann aonaid a theipeann scrios ar mhuinín an phobail sa tumoideachas.
xii. Tá cur i gcéill i gceist na Roinne Oideachais maidir le héileamh – tá an éileamh ann, baineann an práinn le freastal air.
xiii. Ba cheart go mbeadh dualgas ar na coláistí oiliúna ábhar oidí a mhealladh le tabhairt faoin oiliúint trí Ghaeilge.
xiv. Ní leor don Roinn Oideachais bheith neodrach, is gá dóibh bheith réamhghníomhach.
xv. Tá gá le daoine atá lasmuigh den chóras a mhealladh le dul I muinín an tumoideachais le scoileanna a dhéanamh ilchultúrtha agus éagsúil. Mar a sheasann, tá sé deacair ar thuismitheoirí rogha a dhéanamh idir tumoideachas lán-Ghaeilgenó suíomh meán-Bhéarla atá go feiceálach ilchultúrtha.
xvi. Tá bac ann go fóill mar go gceapann tuismitheoirí gur gá ardchumas acadúil agus teanga a bheith ag a bpáistí le freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.
xvii. Is gá breathnú ar an rogha scoileanna a iompú go suíomhanna tumoideachais. Ba cheart plé le cnuasaigh na scoileanna beaga ar an gceist seo.
xviii. Tá gearán láidir le déanamh leis an Roinn Oideachais maidir lena bpróiseas agus tosaíochtaí mar a bhaineann leis an bpolasaí seo.

Grúpa fócais na naíonraí 2

Ar líne, 13 Nollaig 2022

i. Na baoil is mó atá ann do inmharthanacht na naíonraí faoi láthair ná an maoiniú ró-íseal agus an géarchéim earcaíochta. Tá úinéirí seirbhíse ann atá ag obair gan pá toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foireann a íoc de réir a gconarthaí agus an scéim nua maoinithe anois i bhfeidhm.
ii. Tá gá le seirbhísí tacaíochta i nGaeilge a bheith ar fáil ó na coistí cúram leanaí.